

# Ceart agus *Comhar*

*Mar a chaill iris Ghaeilge a heagarthóir*

In Iúil 2008, ceapadh eagarthóir nua ar an iris *Comhar*. Ach cúpla mí ina dhiaidh sin, bhí sé imithe. Dúradh, agus séanadh, go raibh cinsireacht á déanamh ar an iris. Cé aige a bhfuil an ceart? Cá bhfuil an fhírinne?

Is scéal é seo le himpleachtaí tromchúiseacha d'iriseoireacht na Gaeilge, agus ba cheart é a phlé go cruinn. Le cabhair ó dhoiciméid a bhaineann leis na heachtraí seo, fiosrófar anseo cad é go díreach a tharla i gcás *Comhar*.

# 1. Cúlra

Ar 25ú Meán Fómhair 2007, chuir Foras na Gaeilge in iúl don iris *Comhar* nach bhfaigheadh sí aon deontas ó thús 2008. Bhí an iris á foilsiú ó 1942 i leith, ach bheadh sé an-doiligh uirthi leanúint ar aghaidh gan deontas an Fhorais. Rinneadh achomharc ar an chinneadh, agus tionóladh cruinnithe de bhaill Chomhar Teoranta, an comhlacht a fhoilsíonn an iris. Bhí plé mór ann fá dtaobh den iris agus a todhchaí. Ar deireadh, d'éirigh bord Chomhar Teoranta as ina iomláine agus ceapadh bord nua:

Mar chathaoirleach, **Uaitéar Ó Ciaruáin** (Walter Kirwan), a chaith blianta fada mar státseirbhíseach sinsearach i Roinn an Taoisigh. Bhí sé mar uachtarán ar an chumann ollscoile a d'fhoilsíodh *Comhar*, an Comhchaidreamh, i dtús na seachtóidí ach thit an eagraíocht as a chéile sa tréimhse sin.

**Anna Davitt**, stiúrthóir Chomhar na Múinteoirí Gaeilge. Iníon an fhile Michael Davitt, nach maireann, agus neacht le Deirdre Davitt, Leas-Phríomh-Fheidhmeannach Fhoras na Gaeilge.

**Breandán Mac Cormaic**, fear gnó atá páirteach in an-chuid coistí Gaeilge, iar-uachtarán Ghaelscoileanna.

**Ríona Nic Congáil**, scríbhneoir, cathaoirleach Scríbhneoirí Óga agus Úra na Gaeilge, léachtóir.

**Muireann Ní Mhóráin**, príomh-fheidhmeannach na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíocht. Iníonn le Dónall Ó Móráin, príomh-bhunaitheoir Ghael-Linn.

**Paula Ní Shlatarra**, iar-státseirbhíseach sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus taidhleoir thar lear.

**Trevor Ó Lachtnáin**, abhcóide.

**Mícheál Ó Ruairc**, úrscéalaí agus file.

Bhí cuid de bhaill Chomhar ag iarraidh leanúint ar aghaidh le foilsiú na hirise. Dá dtiocfadh deireadh lena foilsiú ar feadh tamaill, cheap siad, beadh sé an-doiligh tús a chur léi arís. Bhí an t-eagarthóir, Mícheál Ó hUanacháin, ag cur eagrán Eanáir 2008 le chéile, cé go raibh deireadh tagtha le deontas an Fhorais.

Ach ba í tuairim an bhoird gur cheart éirí as foilsiú na hirise fad is a bheadh iarratas nua ar dheontas á chur le chéile. Tá an chuma ar phearsanra an bhoird gur cuireadh le chéile iad in aon turas le dul i bhfeidhm ar Fhoras na Gaeilge agus deontas nua a fháil. Bhí teagmhálacha fairsinge ag an chathaoirleach sa státchóras - cairde sa chúirt, mar a déarfá. Ard-státseirbhíseach eile ab ea Ní Shlatarra, agus post faoin stát ag Ní Mhóráin. De bharr neacht Leas-Phríomh-Fheidhmeannach an Fhorais a bheith ar an bhord, bheadh an Foras an-ghar dá chuid imeachtaí. I gcás na mball seo, ní raibh aon cheangal acu le scríbhneoireacht na Gaeilge riamh, ach bhí ceangail mhaithe acu leis an chóras a dháileann deontais.

Shocraigh an bord go gcuirfí deireadh le foilsiú *Comhar*. Den chéad uair le breis agus seasca bliain, ní bheadh aon eagrán ar fáil ó Eanáir 2008 ar aghaidh. Chuaigh an bord ag lorg deontais ansin.

## 2. Deontas

Ceapadh beirt eile ar an bhord in Aibreán 2008: **lognáid Ó Muircheartaigh**, iar-uachtarán Ollscoil na hÉireann Gaillimh, agus an scríbhneoir **Gréagóir Ó Dúill**. Ceapadh Ó Muircheartaigh chun cur le híomhá acadúil an bhoird, is cosúil (cé gur baineadh go mór de stádas na Gaeilge in ollscoil na Gaillimhe le linn dó a bheith i gceannas!). Ceapadh Ó Dúill chun tuaisceartach a chur ar an bhord.

Idir an dá linn, bhí aighneacht á réiteach ag an bhord le cur faoi bhráid Fhoras na Gaeilge. Doiciméad an-mhór ar fad a bhí ann ar deireadh – 33 leathanach, 67 alt, 4 aguisín – agus mhínigh sé cad é mar a dhéanfadh an bord athnuachan ó bhun go barr ar chúrsaí *Comhar*.

- \* Cheapfaí **bainisteoir/gníomhaire fógraíochta** páirt-aimseartha. Bhí beirt i gceist acu don phost cheana féin.
- \* Bhí líon mór **cuiditheoirí** earcaithe chun an iris a chur chun cinn i réimsí éagsúla. Chun an rannpháirtíocht seo a leathnú, thabharfaí níos mó ball isteach i gComhar Teoranta, agus thionólfá cruinniú ginearálta gach trí mhí.
- \* Ghlacfaí céimeanna le *Comhar* a **athcheangal leis na Cumainn Ghaelacha** sna coláistí tríú leibhéal.
- \* Chuirfí **dianfheachtais mhargaíochta** ar siúl leis an iris a chur chun cinn i measc daoine óga go háirithe. Bheadh an iris ar díol in i bhfad níos mó áiteanna.
- \* Chuirfí feabhas an-mhór ar an **suíomh idirlín**. D'úsáidfí é mar chlár plé, agus dóigh chun *Comhar* a chur chun cinn ar leithéidí Bebo agus Facebook.
- \* Dhíreofaí ar níos mó **fógraí** a fháil don iris ó réimse níos leithne d'fhoinsí.
- \* Dhéanfadh an iris iarracht dul i bhfeidhm ar **léitheoirí níos óige**, go háirithe ar mhic léinn. Chomh maith le cúrsaí reatha agus litríocht, bheadh ábhar i ngach eagrán a mbeadh spéis ag daoine óga ann, agus foghlaimeoirí Gaeilge.
- \* Dhéanfaí **athdhearadh** níos tarraingtí ar an iris, agus clúdach daite spreagúil ar gach eagrán.

Bhí súil ag an bhord tús a chur le foilsiú na hirise arís i mí Mheán Fómhair 2008. D'iarr siad ar an Fhoras ciste €25,000 a infheistiú, chomh maith le deontas míosúil de €7,100 i 2008, €7,450 i 2009, agus €7,800 i 2010.

Cuireadh an aighneacht sin go dtí Foras na Gaeilge ar 30ú Aibreán. Bhí cruinniú ag an Fhoras ar 20ú Meitheamh, agus sheol siad freagra chuig bord Chomhar ar 26ú Meitheamh. Bhí an Fhoras sásta €231,545 a íoc le Comhar as sin go dtí deireadh 2010, ach bhí coinníollacha ann:

- \* Dhéanfadh an Fhoras **athbhreithniú** ar an deontas gach bliain.
- \* Bheadh ar Chomhar **tuairisc** a thabhairt don Fhoras gach sé mhí ar cad é mar a bheadh ag éirí leo an aighneacht a chur i bhfeidhm.
- \* Chaithfí eagrán de *Comhar* a fhoilsiú **gach mí**.
- \* Bheadh **sonraí** ag teastáil faoin dóigh a gcaithfí an bhun-infheistíocht €25,000, agus í a bheith caite faoi 31ú Deireadh Fómhair 2008.
- \* **Ní fhéadfaí plean Chomhar a athrú** gan aontú an Fhorais.

- \* Chaithfí **aon phost i gComhar a fhógairt** go poiblí.
- \* Chaithfí **aon athrú ar phearsanra an bhoird nó an chomhlachta a chur in iúl** don Fhoras.
- \* **‘Go mbeidh cead ag an bhForas aon chuid den deontas a bheidh iníoctha a aisghairm agus aon chuid den deontas a bheidh gan íoc a chealú sa chás go sárófar gan chead, i dtuairim an Fhorais, aon cheann de na téarmaí nó coinníollacha thuasluaite.’**

Bhí na coinníollacha sin docht go leor, agus thug siad cuid mhaith cumhachta don Fhoras. Bhí aighneacht an-fhada curtha isteach ag bord Chomhar agus é lán de ghealltanais uailmhianacha, agus dá dteipfeadh orthu ceann ar bith díobh a chomhlíonadh (i dtuairim an Fhorais), bheadh ceart ag an Fhoras deireadh a chur leis an deontas arís.

Ach bhí éacht déanta ag an bhord sa mhéid gur éirigh leo airgead a fháil chun go bhféadfaí *Comhar* a chur amach arís.

### 3. Eagarthóir

Bhí sé socraithe ag an bhord gur cheart eagarthóir nua a cheapadh agus tús á cur le ré nua don iris. D'éirigh Mícheál Ó hUanacháin as an phost, agus fógraíodh é.

Bhí liosta de 'ábhair eagarthóra' déanta amach ag an bhord, cúigear a bhí ag obair sna coláistí nó i ngnóthaí Gaeilge éagsúla: Pádraig de Paor, Gormlaith Ní Scolaí, Ian Ó Caoimh, Caitríona Ní Chléirchín agus Tomás Ó Maolalaidh. Níor chuir aon duine acu isteach ar an phost, áfach. Agus an spriocdáta, an 23ú Bealtaine 2008, ag teacht, ní raibh ach iarrthóir amháin don phost. Ba é sin **Conchubhar Ó Liatháin**, iar-eagarthóir an nuachtáin *Lá Nua* agus bainisteoir Chomharchumann Chúil Aodha.

Ansin chuaigh ball den bhord i dteagmháil le **Aindrias Ó Cathasaigh**. Is scríbhneoir é Ó Cathasaigh a bhfuil leabhair scríofa aige faoi Mháirtín Ó Cadhain, Pádraig Ó Conaire agus ábhair eile, agus bíonn sé páirteach i bhfeachtais agóide éagsúla. Iarradh air cur isteach ar phost an eagarthóra, rud a rinne sé.

Tionóladh agallaimh ar 10ú Meitheamh. Tháinig Ó Liatháin an bealach ar fad ó Chúil Aodha go Baile Átha Cliath le bheith in am, ach ní raibh an bord agallaimh féin ann in am (<http://igaeilge.wordpress.com/2008/11/03/aois-na-cinsireachta/#comment-752>)! Cuireadh agallamh ar an bheirt iarrthóir.

Shocraigh an bord agallaimh gur cheart an post a thairisicint do Ó Cathasaigh, agus d'aontaigh bord Chomhar leis sin. Scríobh siad chuig Ó Cathasaigh ar 23ú Meitheamh ag tairiscint an phoist dó agus ag gealladh 'go mbeidh gach tacaíocht le fáil agat ó Bhord Comhar' dá nglacfadh sé leis.

Ar 25ú Meitheamh, d'fhoilsigh Pól Ó Muirí scéal le Mairéad Ní Chinnéide in 'Tuarascáil' san *Irish Times*, a dúirt go raibh deontas faighte ag *Comhar* arís agus go raibh Ó Cathasaigh ceaptha mar eagarthóir. Ní raibh cinneadh an Fhorais curtha in iúl go foirmiúil fós, áfach. Níor ghlac Ó Cathasaigh le post an eagarthóra fós ach oiread. Is tríd an alt seo a fuair Ó Liatháin toradh an agallaimh: ní raibh an bord i dteagmháil leis faoi roimhe seo (<http://igaeilge.wordpress.com/2008/11/03/aois-na-cinsireachta/#comment-752>).

Bhuail Ó Cathasaigh le bord Chomhar ar 26ú Meitheamh, agus rinneadh soiléiriú agus leasú ar phost an eagarthóra. Aontaíodh nach mbeadh gá le fo-eagarthóir liteartha, go mbeadh cúrsaí liteartha faoi chúram Uí Chathasaigh. Aontaíodh freisin go ndéanfadh Ó Cathasaigh cúram de dhearadh na hirise. Bhí taithí aige ar leagan amach agus foilsitheoireacht, agus glacadh leis go gcuideodh sé leis cruth nua a chur ar an iris dá mbeadh an ghné sin di faoina smacht. D'fhéadfaí dearthóir eile a thabhairt isteach i ndiaidh cúpla mí, ach dhéanfadh an t-eagarthóir an gnó ag an tús. Aontaíodh go gceannófaí ríomhaire agus bog-earra dearthóireachta chun go dtiocfadh le Ó Cathasaigh é sin a dhéanamh. Bhí socraithe ag an bhord roimhe sin go dtiocfadh an chéad eagrán eile de *Comhar* amach i mí Dheireadh Fómhair, cé go raibh sé le seoladh cúpla lá roimhe sin.

Rinneadh conradh idir Ó Cathasaigh agus an bord ar 12ú Iúil. De réir an chonartha, bhí ar an eagarthóir 'Deimhin a dhéanamh de go mbeidh an iris ar fáil ar an gcéad lá gach mí'. Bhí sé i gceist go leanfaí le móreagrán litríochta a fhoilsiú gach Bealtaine agus gach Nollaig le cuidiú ón Chomhairle Ealaíon. Bhí ar an eagarthóir 'plé go díreach leis an gclódóir' agus 'Profáil a cheartú go beacht agus go pointeáilte'. Dá

gceapfaí fo-eagarthóir liteartha amach anseo, bheadh ar an eagarthóir ‘an bhreith dheiridh a thabhairt más gá’ faoin mhéid a d’fhoilseofaí. Bhí coiste le ceapadh ‘tar éis cheapachán an Eagarthóra agus i gcomhar leis’ chun cuidiú leis ina chuid oibre, ach ‘is ag an Eagarthóir a bheidh an bhreith dheiridh i gcónaí i gcás ábhair’. Tuarastal de €1,200 sa mhí a bheadh le fáil ag an eagarthóir go ceann bliana, ach d’fhéadfaí é a laghdú ina dhiaidh sin. Thiocfadh deireadh leis an phost dá dtiocfadh deireadh le deontas an Fhorais. Bhí cead ag ceachtar den dá thaobh críoch a chur leis an chonradh le fógra trí mhí.

Sheol an bord litir chuig síntiúsóirí *Comhar* ag cur in iúl dóibh go raibh deontas faighte acu ó Fhoras na Gaeilge, Ó Cathasaigh ceaptha mar eagarthóir acu, agus go mbeadh eagrán eile den iris acu i mí Dheireadh Fómhair.

## 4. Dearadh

De réir mar a socraíodh, caitheadh €1,399.97 ar ríomhaire, agus €1,344.31 ar bhogearra dearthóireachta, chun go dtiocfadh leis an eagarthóir nua an chéad eagrán eile de *Comhar* a leagan amach.

Bhí a gcéad chruinniú eile ag bord Chomhar ar 2ú Meán Fómhair. Tugadh cuireadh don eagarthóir páirt a ghlacadh i gcuid den chruinniú. Socraíodh go seolfaí an chéad eagrán eile ar 25ú nó 26ú Meán Fómhair.

I measc na n-ábhar a pléadh, bhí dearadh na hirise. Mhol Muireann Ní Mhóráin go bhfaighfí comhairle ó chomhlacht deartha faoi leagan amach na hirise. D'fhágfaí an leagan amach féin faoin eagarthóir fós, ach theastaigh uaithi go gcuirfeadh dearthóir eile múnla nó fóraí ar fáil chun cuidiú leis. Dúirt Ó Cathasaigh go raibh sé ró-dheireanach. Bhí an chéad eagrán chun dul go dtí an clódóir i gceann coicise, agus ní bheadh aon dearthóir in ann obair den chineál sin a dhéanamh sa tréimhse sin. Ar deireadh, glacadh leis go ndéanfaidh Ní Mhóráin fiosruithe le comhlachtaí deartha, féachaint an dtiocfadh leo múnla a chur ar fáil in am.

Ar 4ú Meán Fómhair, fuair Ó Cathasaigh glao teileafóin ó Uaitéar Ó Ciaruáin. Bhí Ní Mhóráin i ndiaidh a bheith i dteagmháil le comhlachtaí deartha, agus ní thiocfadh leo an obair a dhéanamh in am. Ach bhí dream amháin a dúirt go dtiocfadh leo tabhairt faoi. Tugadh a n-uimhir teileafóin do Ó Cathasaigh, agus rinne sé coinne leo don lá dár gcionn.

Bhí roinnt gnéithe aisteacha ag baint le cruinniú Uí Chathasaigh leis an dream seo. Ar an chéad dul síos, tharla an cruinniú sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha. Ní raibh oifig dá gcuid féin ag an chomhlacht seo. Go deimhin, níl sé cláraithe mar chomhlacht, agus níl suíomh idirlín feidhmeach aige – rud a bheadh riachtanach do chomhlacht deartha. Is cosúil nach comhlacht deartha a bhí sa dream seo ach tionscnamh mac léinn. Ní raibh aon taithí acu ar irisí a dheardh.

Beirt a bhuaile leis an eagarthóir, agus mac le Muireann Ní Mhóráin ab ea duine acu. B'iar-mhac léinn sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha é, a d'fhág an Coláiste gan pas a fháil sa scrúdú.

Ba léir ó thús an chruinnithe go raibh scéalta éagsúla faighte ag an dá thaobh. Bhí ráite leis an bheirt mhac léinn go mbeidís féin ag dearadh na hirise. Leag siad conradh roimh Ó Cathasaigh faoina n-íocfaí iad as eagrán Dheireadh Fómhair a dheardh, agus clár ama faoin gcaithfí ábhar an eagrán ar fad a thabhairt dóibh faoi 11ú Meán Fómhair, agus d'fhoilseofaí é ar 1ú Deireadh Fómhair.

Rud eile ar fad a bhí aontaithe ag cruinniú an bhoird trí lá roimhe sin, ar ndóigh: go lorgófaí múnla chun cuidiú leis an eagarthóir i ndearadh na hirise. Ní hé 1ú Deireadh Fómhair an dáta foilsithe a bhí aontaithe, ach 25ú/26ú Meán Fómhair. Ní fhéadfaí an t-eagrán a dheardh faoi 11ú Meán Fómhair, mar go raibh spriocdáta níos deireanaí ná sin tugtha do scríbhneoirí ag an eagarthóir. Agus ar ndóigh, ba dhoiligh don iris trácht a dhéanamh i gceart ar chúrsaí reatha dá gcaithfí an t-ábhar ar fad a bheith scríofa trí seachtaine roimh a foilsiú.

Ba chúis díomá don bheirt go raibh scéal contráilte tugtha dóibh. D'fhág siad an seomra ar feadh tamaill chun an scéal a phlé. Chuir siad glao teileafóin ar Mhuireann Ní Mhóráin chun gearán a dhéanamh faoin scéal. D'aontaigh sise glaoch ar Uaitéar

Ó Ciaruáin faoi. D'fhill siad ar sheomra an chruinnithe gan aon rud a rá le Ó Cathasaigh faoin ghlaio seo, agus tháinig deireadh leis an chruinniú.

Ní bhfuair Ó Cathasaigh amach faoin teagmháil le Ní Mhóráin go dtí gur ghlaioigh sé ar Ó Ciaruáin i ndiaidh an chruinnithe. Ghlac Ó Ciaruáin leis go gcaithfeadh an t-eagarthóir an dearadh a dhéanamh gan chuidiú anois. Socraíodh go mbuailfeadh an bheirt acu le chéile an tseachtain dár gcionn chun go bhfaigheadh Ó Ciaruáin amharc ar an chineál deartha a bhí i gceist ag Ó Cathasaigh.

Bhí Anna Davitt le freastal ar an chruinniú seo chomh maith, ach nuair a tháinig Ó Ciaruáin, d'inis sé do Ó Cathasaigh gur dhiúltaigh sí freastal, mar thacaíocht do Ní Mhóráin. Chuir Ó Cathasaigh a mhíshástacht in iúl faoin dóigh ar chuir Ní Mhóráin isteach ar a chruinniú faoi chúrsaí deartha i ngan fhios dó. Dúirt Ó Ciaruáin nach raibh aon ábhar gearáin aige i ndáiríre. Dúirt sé go poiblí ina dhaidh sin go raibh ceart ag Ní Mhóráin é a dhéanamh (agallamh le Raidió na Gaeltachta, 4/11/09). Thaispeáin Ó Cathasaigh leathanaigh shamplacha dá chéad eagrán don chathaoirleach, a dúirt go raibh sé breá sásta leis an chur chuige a bhí le feiceáil iontu.

D'iarr an bheirt mhac léinn ar Ó Ciaruáin go n-íocfaí iad as an obair ullmhúcháin a bhí déanta acu roimh an chruinniú le Ó Cathasaigh. Thug seisean íocaíocht dóibh thar ceann Chomhar.

Níor cuireadh miontuairiscí chruinniú boird 2ú Meán Fómhair ar fáil ar feadh míosa. Sheol Paula Ní Shlatarra iad chuig baill an bhoird ansin faoin teideal 'Miontuairiscí leasaithe (feic alt 7)'. Scríobh sí an méid seo leanas fúthu: 'Maidir le miontuairiscí na míosa seo caite, ta brón orm nár chuir mé ar fáil iad in am. Bhreathnaigh Muireann orthu, agus rinne mé leasú amháin de réir a comhairle sise.' In alt 7 de na miontuairiscí, dúradh: 'Ba é tuairim an Bhoird go raibh gá le dearthóir agus an t-eagarthóir ag obair as lámh a chéile.' Is léir gurb é sin an leasú a rinne Ní Mhóráin ar na miontuairiscí, nó ní hé sin a rud a socraíodh ag an chruinniú. Cé go raibh Ó Cathasaigh i láthair, ní bhfuair seisean cóip de mhiontuairiscí an chruinnithe.


Mar sin, rinne Ní Mhóráin a dícheall chun go bhfaigheadh a mac conradh deartha ó Chomhar nuair a bhí sé ró-dheireanach comhlacht ceart a fhostú. Ghlac sí páirt i gcruinniú i ngan fhios don eagarthóir, ag cur ina éadan lena linn. Ansin d'athraigh sí miontuairiscí an bhoird chun réiteach lena hiompar féin seachas cur síos go fíreannach ar imeachtaí an chruinnithe. Ba dhroch-thuar do chúrsaí Chomhar é.



## 5. An chéad eagrán

Bhí an chéad eagrán den *Comhar* nua le seoladh i Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath ar 25ú Meán Fómhair. Bhí an Dr Louis de Paor ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun labhairt ag an ócáid. Bhí Ó Cathasaigh ag cur a chéad eagrán le chéile in am dó sin.

Bhí réimse mhaith ábhair san eagrán. Bhí alt ar fhadhbanna an Taoisigh Brian Cowen, alt leis an tráchtair Tomás Mac Síomóin ar an ghéarchéim faoi Chonradh Liospóin, agus alt ar na Cluichí Oilimpeacha. Bhí gearrscéal leis an údar cáiliúil



Gabriel Rosenstock, agus ceann le Manchán Magan, a bhfuil aithne níos fearr air de bharr a chuid clár taistil. Bhí dánta leis an fhile nua Simon Ó Faoláin, agus léirmheasanna ar cheithre leabhar nua. Bhí alt ag Fergus O'Hare faoi Ghluaiseacht Chearta Sibhialta an Tuaiscirt daichead bliain ar aghaidh, agus feartlaoi leis an Ollamh Gearóid Ó Tuathaigh ar an staraí Nollaig Ó Gadhra. Chuirfeadh léitheoirí níos óige suim san agallamh leis an cheoltóir Colm Ó Snodaigh ó Kíla, agus san alt ar theip an turcaí Dustin i gComórtas na hEoraifíse. Bhí alt greannmhar ann faoi 'litríocht anghrách' na Gaeilge, fiú!

Bhí cuma mhaith ar an eagrán freisin. Bhí clúdach an-fheiceálach air, Brian Cowen ag scríobadh a chloiginn faoi na fadhbanna éagsúla a bhí ag cur isteach air, agus liosta de na hábhair eile a bhí san iris. Úsáideadh pictiúir go cliste, an téacs ag dul timpeall orthu go minic. Bhí

uiscechló de Che Guevara taobh thiar de dhán faoi. Bhí an téacs breá so-léite, agus saor ó bhotúin. Ní raibh dearadh na hirise gan locht ar chor ar bith, agus d'fhéadfaí feabhas a chur air, ach ba chéim mhór chun cinn é.

Fuair siopa i mBéal Feirste beart den eagrán, ach díoladh amach é i gceann cúpla lá, agus bhí orthu beart eile a ordú

(<http://andrumamor.nireblog.com/post/2008/10/21/comhar-cad-a-ata-ag-titim-amach>).

Bhí trí eagarfhocal ag Ó Cathasaigh san eagrán. Phléigh ceann acu le deireadh an Pháirtí Dhaonlathaigh, agus ceann eile le conspóid thobar gáis na Coiribe. Bhí na scéalta seo díreach i ndiaidh teacht chun cinn, nó teacht ar ais, sa nuacht an tseachtain roimh fhoilsiú na hirise, agus léiríonn siad go raibh faoin eagarthóir nua a bheith suas chun dáta maidir le cúrsaí reatha. Tuairimí láidre den eite chlé a bhí sna heagarfhocail seo, ach bheifí ag súil leis sin agus an claonadh chun sóisialachais atá ag an eagarthóir.

B'fhéidir gurbh é an t-eagarfhocal eile an ceann ba chonspóidí, áfach. Thug sé cur síos ar chuid de na rudaí a bhí faoin eagarthóir nua a dhéanamh, agus thagair sé do chinneadh an Fhorais an bhliain roimhe:

'Is é an chaoi ar baineadh an bonn de mhaoiniú *Comhar* a chuir inár dtost muid. Ní shéanann muid nach raibh laigí le brath ar an iris ná go raibh fadhbanna againn le tamall maith de bhlianta. Níl aon amhras ann ach gur theastaigh cúnaimh uainn leis na heasnaimh sin a leigheas....

Ní féidir linn glacadh leis, áfach, gur maith an tslat an t-ocras chun cuidiú le daoine i gcruachás. Níor chúnaimh ar bith dúinn tua an bháis a bheartú orainn, ár ngléas beo a bhaint dínn agus fód a bhualadh anuas orainn. Tá deacrachtaí dá gcuid féin ag mórán gach tréimhseachán Gaeilge, agus ba bhocht an nós le tabhairt isteach é íde an ghadhair thréigthe a imirt orthu in am an ghátair.

Tá sé in am díospóireacht a thionscnamh ar mhaoiniú na dtréimhseacháin Gaeilge, go deimhin. Ní hé an cúram is troime orainn ná baol air, ach caithfidh *Comhar* agus ár leithéidí eile polasaithe stáit i leith na teangan a ghrinniú. Is deacra go mór sin a dhéanamh agus ár gcuid airgid ag brath ar an bhforas a chuireann na polasaithe sin i bhfeidhm. Tá muid ar nós irisí sláinte a bheadh dá maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ní éilíonn muid deontais rábacha gan teorainn thall is abhus, go mbronnfaí airgead an phobail ar shlabar ar bith an fhad is a scríobhtar i nGaeilge é. Ach ní foláir nó gur féidir a theacht ar mhodh maoinithe nach gciorróidh le neamhspleáchas na dtréimhseachán mar a chiorraítear anois.

Agus ba chóra do *Comhar* chuile chianóg dá bhfuil ag gabháil léi a chailleadh ná a neamhspleáchas a ligean uaithe.'

Ba dhúshlán d'Fhoras na Gaeilge é sin, nó don chóras faoina dtugann siad deontais d'irisí Gaeilge. B'fhéidir gur dhúshlán do bhord Chomhar é freisin, a bhí ag gníomhú faoi dhian-choinníollacha an Fhorais. Ach is cinnte go raibh pointe maith déanta: cad é mar a thig le hiris a neamhspleáchas a chaomhnú nuair atá sí ag brath ar airgead stáit?

Ní raibh a fhios ag an bhord go mbeadh Ó Cathasaigh ag scríobh a leithéide. Dúirt siad níos deireanaí: 'In ainneoin go raibh an iris ag filleadh tar éis bhriseadh naoi mí, shocraigh an Bord ná hiarrfadh siad an t-eagrán a fheiceáil sula dtiocfadh sé ó na clódóirí.' (Ráiteas, 6/11/08.) Ní fios cathain a rinne siad an cinneadh seo. Níl trácht air i miontuairiscí an bhoird. A mhalairt a cuireadh in iúl dó: go mbeadh lán-saoirse eagarthóireachta aige agus an bhreith dheiridh faoi ábhar na hirise. Níl rud ar bith sa chonradh idir an bord agus an t-eagarthóir a thabharfadh cead don bhord aon eagrán a fheiceáil roimh a fhoilsiú. Ach is léir gur chreid an bord go raibh an ceart sin acu.

Níor cuireadh in iúl don eagarthóir gur éiligh an bord an ceart sin, nó go raibh socraithe acu gan an ceart sin a chur i bhfeidhm maidir leis an chéad eagrán seo. 'Dá mbeadh a fhios sin agam, ní ghlacfaínn le post an eagarthóra ar chor ar bith,' scríobh sé níos deireanaí (litir chuig scríbhneoirí eagrán na Samhna, 26/11/08). Ach is cosúil nach raibh an bord ar fad ar an eolas faoi ach oiread. Bhí an t-eagrán le

teacht ón chlódóir in am do 25ú Meán Fómhair. Trí lá roimhe sin, ghlaoigh rúnaí Chomhar ar an chlódóir ag iarraidh é a fheiceáil roimhe sin. Dúirt sí le Ó Cathasaigh níos deireanaí an lá sin: 'tá cuid den bhord imníoch faoin eagrán'. (Litir Uí Chathasaigh chuig scríbhneoirí, 26/11/08.) Ní fios go cinnte cén 'cuid den bhord' a bhí i gceist, ach níor éirigh lena n-iarraacht an t-eagrán a fheiceáil sula bhfoilseofaí é.

Bhí easaontas le feiceáil arís nuair a seoladh an t-eagrán ar 25ú Meán Fómhair. Mhol Uaitéar Ó Ciaruáin an t-eagrán agus an t-eagarthóir, agus ghabh sé buíochas le Foras na Gaeilge as deontas a chur ar fáil. Cé nach raibh an iris feicthe aige go dtí sin, dúirt sé go raibh an bord ag lorg deartha nua di. Mhol sé a bhord, ag rá go raibh '*esprit de corps* breá againn' agus go raibh 'gach uile bhall ag saothrú go dian'. Mhol sé cinneadh an Fhorais an bhliain roimhe an deontas a bhaint den iris, ag rá 'gurbh fhearrde Comhar é'.

Nuair a labhair Ó Cathasaigh, bhí port eile aige. 'Creidim féin gur droch-chinneadh a rinne an Foras', dúirt sé. Ghabh sé buíochas leis 'na daoine sin ar an mbord atá ag tacú liom'. Chuir an t-iar-eagarthóir Mícheál Ó hUanacháin a mhíshástacht leis an Fhoras in iúl freisin, ag rá gur cheart deontas a chur ar fáil d'irisí Gaeilge nach n-íocann astu féin díreach mar a chuirtear deontais ar fáil do bhealaí bus nach n-íocann astu féin. D'fháilitigh sé roimh Ó cathasaigh i suíochán an eagarthóra, ag rá: 'tá súil agam nach mbeidh sé ró-the riamh dó'. (Craoladh an seoladh ar Raidió na Gaeltachta, 25/9/09.)

Bhí difríocht shoiléir le feiceáil ag an saol mór idir eagarthóir *Comhar* agus bord Chomhar: taobh amháin ag seasamh ar a neamhspleáchas ón Fhoras, agus an taobh eile ag dul as a bhealach chun a bhuíochas a chur in iúl di. Droch-thuar eile a bhí ann, b'fhéidir.

## 6. Géarchéim

Bhí údar imní ar an eagarthóir, is léir. Ní bhfuair sé aon sásamh nuair a rinne sé gearán le Uaitéar Ó Ciaruáin faoi iompar Mhuireann Ní Mhóráin. An lá i ndiaidh sheoladh an chéad eagrán, shocraigh sé teachtaireacht a sheoladh chuig an chathaoirleach agus baill uile an bhoird:

‘Anois agus an chéad eagrán den iris curtha amach, tá sé in am againn díriú ar ghnéithe áiride den socrú idir mé féin agus bord stiúrtha Chomhar. Tá roinnt nithe nach mór dúinn a dhéanamh soiléir má tá an socrú eadrainn le maireachtáil.

5 Meán Fómhair, bhí mé i mbun cruinniú le beirt mhac léinn deartha, féachaint arbh fhéidir leo an méid a bhí socraithe ag cruinniú boird trí lá roimhe sin a chur i gcrích. I lár an chruinniú chuaigh duine acu amach le glaoch a chur, i ngan fhios dom, ar bhall den bhord atá gaolta leis an duine eile. Ní hé amháin go raibh an ball sin sásta an glaoch a ghlacadh, ach bhí sí sásta a ghabháil i dteangmháil leat féin le bás na mac léinn seo i mo choinne a phléadáil.

Ní dóigh liom go mbeadh aon bhall den bhord sásta dá ndéanfaí a leithéid de mhísc orthu agus iad i mbun cruinniú thar ceann na hirise. Go deimhin, ní fhéadfadh an bord feidhmiú dá mbeadh aon ghlacadh leis mar nós. Ní taise dom féin é. Uair ar bith a mbím páirteach in aon ghnó a bhaineann leis an iris, níor cheart go ndéanfadh aon bhall den bhord iarracht mar sin an bonn a bhaint de mo chuid oibre.

22 Meán Fómhair, ghlaigh an rúnaí ar an gclódóir, agus í ag cur ceisteanna faoi chlóbhualadh na hirise thar ceann ball den bhord. Tá sé sonraithe sa gconradh idir mé féin agus an bord gur fúmsa atá sé teangmháil a dhéanamh leis an gclódóir i dtaobh na hirise. B'éigean dom leithscéal a ghabháil leis an gclódóir faoi dhuine eile a bheith dá bhuaireamh, ag iarraidh an iris a fháil ar dháta ní ba luaithe ná an dáta a bhí tugtha dó.

Tá cúrsaí clódóireachta na hirise faoi mo chúramsa. Níor cheart d'aon bhall den bhord cur isteach ar theangmháil idir mé féin agus an clódóir, fiú má bhaintear úsáid as an rúnaí lena dhéanamh.

Níl sa méid seo atá mé ag iarraidh a dhéanamh soiléir ach an gnáthchleachtas i dtréimhseachán ar bith. Tá réimse leathan saineolais le fáil ar an mbord, gan amhras, ach ní mórán taithí ar obair irise atá ina measc, mara bhfuil dul amú orm. Fós féin, sílim go dtuigfidh na baill nach féidir a mhalairt de chleachtas a bheith ann, nach bhféadfadh aon tréimhseachán a theacht amach agus bord ag cur a ladar isteach i ngnóthaí an eagarthóra.

Tá eagrán maith den iris curtha ar fáil agam in am don athsheoladh. Níl sé gan locht, ach tá sé ann. Is trua nach féidir an méid céanna a rá i dtaca le rudaí eile a bhí ceaptha a bheith ann: an suíomh ceart idirlín, cuir i gcás, an grúpa daoine chun cuidiú le ábhar a fháil is a scríobh don iris, nó an gréasán de chúntóirí i ngach coláiste. Ní hionann agus

an iris, is rudaí iad seo a bhí mar chúram ar an mbord féin. Ina fhianaise seo, tá súil agam nach miste libh má mholaim don bhord aire a thabhairt don ghnó atá gan déanamh aige féin seachas don ghnó atá dá chur i gcrích agamsa. Ligigí don eagarthóir breathnú i ndiaidh cúrsaí a bhaineann lena chuid oibre féin.

Scríobh tú féin chugam 23 Meitheamh ag tairiscint post an eagarthóra dom agus ag geallúint “go mbeidh gach tacaíocht le fáil agat ó Bhord Chomhar”. Is léir ón méid atá ráite agam nach bhfuil an polasaí sin dá chur i bhfeidhm ag an mbord ina iomláine. Faoin mbord féin atá sé, feictear dom, a dhéanamh cinnte go mbeidh an bord ina iomláine dá chur i bhfeidhm feasta. Níl aon fhonn orm gabháil isteach a thuilleadh i ndrochrudaí a tharla, ach féachaint chuige nach dtarlódh siad aríst.

Glacaim leis go dtionólfar cruinniú eile den bhord as seo go ceann coicíse. Creidim gur féidir leis an mbord a intinn a dhéanamh suas faoin am sin maidir lena bhfuil ráite agam. Má ghlacann an bord ina iomláine leis an méid atá soiléirithe agam anseo, má ráthaítear dom gur caidreamh ceart a bheas eadrainn feasta, ní léir dom aon chúis nach leanfadh an socrú eadrainn.’

Sin litir nár chuir fiacail ann! Ach má bhí sí searbh, ní raibh sí gan bhunús. Abair dá mbeadh ball den bhord i mbun cruinnithe le hoifigeach ó Fhoras na Gaeilge, is cinnte nach mbeidís sásta dá mbeadh ball eile den bhord i mbun comhrá teileafóin leis an oifigeach sin i lár an chruinnithe i ngan fhios dóibh. Is doiligh a fheiceáil cad é mar a thioctadh le duine iris a chur in eagar agus daoine ag amharc thar a ghualainn nó ag teacht idir é féin agus an clódóir. Agus ní thig a shéanadh gurbh í an iris féin an t-aon rud a bhí curtha i gcrích de na rudaí ar fad a gheall an bord a dhéanamh.

B’fhéidir go dtiocfadh le Ó Cathasaigh a chuid inní a chur in iúl ar dhóigh níos cineálta. Ach thug sé cúpla bealach éalaithe don bhord, chun go dtiocfadh leo tarraingt siar gan náire. Ní dúirt sé glan amach go raibh cinsireacht i gceist agus iad ag iarraidh an t-eagrán a fheiceáil roimh a fhoilsiú, ach thrácht sé ar an teagmháil idir é féin agus an clódóir. Níor chuir sé an locht ar an bhord uile, ach ar chuid díobh, ag súil go mbeadh seasamh eile ag an bhord iomlán. Ag an am céanna, bhí sé soiléir ón litir go raibh faoi éirí as an eagarthóireacht mura dtabharfaí éisteacht dá ghearán.

Scríobh sé níos deireanaí: ‘Bhí súil agam go ndéanfaí soiléir nach gceadófaí do bhaill den bhord a leithéid a dhéanamh. Nuair a shocraigh siad a mhalairt, go dtacóidís leis an gcur isteach, ní raibh fonn orm a bheith ag troid leo chuile mhí. Ní raibh d’fhonn ormsa ariamh ach an obair a fágadh fúm a dhéanamh, an iris a chur in eagar. Mara ligfí dom sin a dhéanamh, níorbh fhiú a bheith ag cur i gcéill.’ (Litir chuig scríbhneoirí eagrán na Samhna, 26/11/08.)

Dúirt an bord níos deireanaí gur litir í ‘a mhúscail inní agus amhras inár measc’ (ráiteas, 6/11/08). Is cinnte gur mhúscail sí inní agus amhras i Muireann Ní Mhóráin, a sheol teachtaireacht chuig cathaoirleach an bhoird an lá céanna ag rá ‘gur fearr go n-éireoinn as an mBord Stiúrtha’.

Bhí cruinniú ag an bhord ar 3ú Deireadh Fómhair. De réir na miontuairiscí, ‘Níor ghlac na stiúrthóirí le leagan an Eagarthóra ar imeachtaí mhí Meán Fómhair maidir le dearadh na hirise ná maidir leis an teagmháil leis na clódóirí.’ Ní léir cén leagan a bhí acu féin ar na himeachtaí sin. Is minic ina dhiaidh seo a shéanfadh an bord rudaí

go lom, gan freagra díreach a thabhairt ar an mhéid a deirtear leo ach séanadh ginearálta a dhéanamh.

‘Thairis sin, ní raibh an Bord sásta le dearcadh agus cur chuige an Eagarthóra faoi mar a léiríodh sa litir iad’. Cé go ndéanfadh sin cúis mar léirmheas ar stíl na litreach, b’fhéidir, ní dúirt sé rud ar bith faoin mhéid a bhí inti.

‘Ba é tuairim an Bhoird go raibh an tacaíocht chuí agus saoirse eagarthóireachta tugtha aige don Eagarthóir’. Mar sin, ar thacaíocht chuí é cur in éadan an eagarthóra i ngan fhios dó le linn cruinnithe? Ar shaoirse eagarthóireachta é féachaint greim a fháil ar an eagrán sula gcuirfí i gcló é? Má ba ea, níorbh ionann tuiscint an bhoird ar thacaíocht nó saoirse agus tuiscint an eagarthóra – ná tuiscint go leor daoine eile ach oiread.

‘Maidir le eagrán mí Deireadh Fómhair, d’aithin an Bord go raibh roinnt ábhair fóna ann agus gur éirigh leis an Eagarthóir ionchur a fháil ó scríbhneoirí aitheanta. Ní raibh an Bord sásta le dearadh na hirise’. Ba bheag a bhí le rá ag an bhord faoi ábhar na hirise, agus ba bhocht an t-aitheantas an méid sin don réimse ábhair a bhí ann. Bhí an stíl níos tábhachtaí ná an tsubstaint dóibh. Shocraigh siad ‘go mbeadh Foras na Gaeilge ag súil le caighdeán níos fearr ón iris’. Níor thagair siad do thuairimí na léitheoirí ar chor ar bith, ach bhí tuairim Fhoras na Gaeilge níos tábhachtaí dóibh

‘Cinneadh cuireadh a thabhairt don Eagarthóir chuig cruinniú leis an gCathaoirleach agus roinnt stiúrthóirí eile Dé Luain 13 Deireadh Fómhair ar a 5 a chlog in oifig COGG [an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta]. Dhéanfaí soiléiriú ar chúraimí an Eagarthóra agus ar na coinníollacha a bhaineann lena chonradh, i bhfianaise an aighneachta chuig Foras na Gaeilge.’ Is aisteach an rud nach rabhthas chun am agus láthair an chruinnithe a phlé leis an eagarthóir, ach go rabhthas ag leagan *fait accompli* roimhe. Agus cruinniú aon-treo a bhí i gceist, an bord ag soiléiriú rudaí dó, seachas aon éisteach a thabhairt don mhéid a bhí le rá aigesean. Agus cad iad na coinníollacha nach raibh á gcomhlíonadh aige? Ní raibh aon bhaint ag Ó Cathasaigh le haighneacht an bhoird chuig an Fhoras, ar ndóigh, agus níor chuid dá chonradh í.

Dá mba mhian leis an bhord an t-eagarthóir a mhaslú, is ar éigean a thioctadh leo jab níos fearr a dhéanamh. Dhaor siad gan éisteach é, roimh chuireadh chun a chrochta a thabhairt dó! Ar shíl siad nach raibh Ó Cathasaigh i ndáiríre nuair a dúirt sé go raibh a shocrú leis an bhord i mbaol?

Chuala an bord go raibh daoine eile ag socrú gan oibriú le Comhar. Bhí an rúnaí ag éirí as, ag deireadh tréimhse deich mí nuair nach raibh mórán oibre le déanamh aici. Ní raibh fonn ar an bheirt a luadh in aighneacht an bhoird cur isteach ar phost an bhainisteora/gníomhaire fógraíochta, ach bhí bainisteoir fógraíochta ceaptha. Socraíodh duine eile a cheapadh mar bhainisteoir rannpháirtíochta agus cumarsáide, ag plé leis na coláistí go háirithe. Ach chuir an duine sin in iúl nach mbeadh sí ag glacadh an phoist. Ceapadh duine eile ansin, ach bhí seisean díreach i ndiaidh éirí as. Ba chúis díomá don bhord an méid seo, agus íorónta go leor, deir na miontuairiscí: ‘Aithníonn an Bord nach féidir le Comhar feidhmiú gan obair i gcomhar.’

Ach níor pléadh éirí as Ní Mhóráin. Go deimhin, is cosúil nár chuir an cathaoirleach in iúl do bhaill uile an bhoird go raibh duine dá gcomhghleacaithe éirithe as. Ag amharc siar, is léir go bhféadfadh réiteach ar an fhadhb a bheith ar fáil dá

bhfaigheadh an bord seans aontú leis an tuairim a nocht sí ina teachtaireacht chuig an chathaoirleach.

Níorbh fhiú leis an bhord aon deifir a dhéanamh ag cur a chinnidh in iúl don eagarthóir. Fuair sé amach faoi, mar sin féin, agus má cheap an bord go raibh sé ag cur i gcéill, shoiléirigh a litir chuig an chathaoirleach ar 6ú Deireadh Fómhair an scéal: 'Tharla gur shocraigh bord stiúrthóirí Chomhar Dé hAoine seo caite tacú leis na hiarrachtaí cur in aghaidh mo chuid oibre – seachas tacú leis an obair sin, mar a gheall tú féin dom tráth den saol – níl an dara rogha agam ach éirí as. Tugaim fógra trí mhí duit leis seo, agus tiocfaidh deireadh le mo thréimhse mar eagarthóir 6 Eanáir 2009.'

## 7. An dara heagrán

Ní raibh an scéal ró-fhada ag scaipeadh. ‘Chualathas go bhfuil *Comhar* i mbaol a bháite arís’, scríobh Philip Cummings i *Lá Nua* ar 8ú Deireadh Fómhair. ‘Súil as againn nach fíor seo, nó ba bhreá an t-eagrán an chéad eagrán faoin eagarthóir úr.’

An lá dár gcionn, scríobh Uaitéar Ó Ciaruáin chuig Ó Cathasaigh, ag gabháil leithscéil nach raibh sé i dteagmháil leis faoi chinneadh a bhoird. Thug sé míniú fada ar phost ollscoile a bhí aige nár fhág aon am aige. Níor mhínigh sé cén fáth nach dtiocfadh le haon bhall eile den bhord dul i dteagmháil leis, ach dúirt sé gur labhair sé le triúr acu ‘le go mbeadh barúil éigin agam cé mar a bheadh aon scéal faighte agat’. Bhí sé féin ar na baill den bhord a shíl nárbh fhiú iarracht a dhéanamh teacht chun réitigh leis an eagarthóir. Dúirt sé: ‘ní mór go mbeadh iontaoibh agus ómós sa dhá threo. Ní chuidíonn litreacha den chineál a sheol tú chugainn leis an iontaoibh sin a bhunú ná a chothú.’

Sheol Ó Cathasaigh freagra chuige ar 10ú Deireadh Fómhair:

‘Maíonn tú gur mise atá ag léiriú drochiontaobh is mí-ómós don bhord. Ach le linn domsa a bheith i mbun cruinniú thar ceann na hirise, ghlac ball den bhord páirt i bplé faoi choim i mo choinne: ba drochiontaoibh é sin. Nuair a tugadh ar an rúnaí cur isteach idir mise agus an clódóir - agus í féin a dúirt liom gur thar ceann ball den bhord a bhí sí ag gníomhú - ba drochiontaoibh é sin. Nuair a dúirt tú liom go raibh tú sásta leis na samplaí de dheardh na hirise a thaispeáin mé duit, ach ansin a d’fhógair tú go poiblí ag an seoladh nach raibh an bord sásta leis - bord nach bhfaca an dearadh sin, go fiú - ba mhí-ómós é sin. Nuair a shocraigh sibh ag bhur gcruinniú deireanach cruinniú a lorg le mo chúraimí a shoiléiriú dom, cúraimí atá curtha i gcrích go pointeáilte agam, ba mhí-ómós é sin.

Ní líomhaintí ar bith an méid sin ar fad, ach an fhírinne ghlan. Ar an gcaoi chéanna, is í an fhírinne ghlan nár éirigh le do bhord a chuid cúraimí a chur i gcrích ó bronnadh deontas oraibh. Mar shampla, tá sé fíor nach bhfuil aon suíomh idirlín curtha ar bun agaibh. Tá sé fíor nach bhfuil grúpa curtha le chéile agaibh chuige sin, go fiú. Agus tá sé fíor anois go bhfuil an seansuíomh féin ar lár le tamall anuas. Is cinnte go gcuireann an teip seo, agus teipeanna eile dá leithéid, cáil na mí-éifeachta oraibh, ach is í an fhírinne shearbh is cúis leis sin, seachas mise.’

Mhínigh sé céard a bhí faoi a dhéanamh as sin go ceann trí mhí: ‘déanfaidh mise mar a rinne mé ó thosaigh mé san obair seo: comhlíonfaidh mé mo chonradh go cruinn beacht, agus cuirfidh mé trí eagrán maith eile den iris amach. Glacaim leis go leanfaidh do bhord ar aghaidh ar a nós féin. Níl le déanamh agaibh ach na táillí atá dlíte dom agus do na daoine a scríobhfas don iris a íoc - ach tá súil agam go ndéanfar na híocaíochtaí sin go féiltiúil feasta.’

(Is cosúil go mbíodh fadhbanna ann le tuarastal Uí Chathasaigh. Cé go raibh an méid céanna le híoc ag an am céanna gach mí, d’íoctaí go mall é go minic, nó bhíodh ar an eagarthóir dul á iarraidh ar an bhord. Bíodh súil again gur mí-éifeacht a bhí anseo, seachas polasaí ag an bhord.)



Ag cruinniú ar 13ú Deireadh Fómhair, shocraigh an bord glacadh le fógra Uí Chathasaigh – ach ní raibh an dara rogha acu i ndáiríre. Rinne siad cinneadh eile a chuir Ó Ciaruáin in iúl don eagarthóir ar 18ú Deireadh Fómhair:

‘go bhfuil an Bord ag éileamh go gcuirfí faoina bhráid roimh ré, sul má chuirtear chun na clódóirí é, an téacs deireannach de gach eagrán a mbeidh tú i mbun eagarthóireachta air. Éiríonn an t-éileamh seo as cearta agus dualgais an Bhoird, mar fhoilsitheoirí COMHAR, agus as do fhreagracht don Bhord faoin gconradh idir muid agus thú....

Tig liom a dhearbhú nach bhfuil sé i gceist ag an mBord a ladhar a chur isteach go mion sa phróiséas eagarthóireachta, maidir le roghnú ábhar agus mar sin de. Séard atá ón mBord ná go dtaispeánfaí dó téacs deireannach an eagráin agus é réidh le dul i gcló. Cuirfidh sé seo ar chumas an Bhoird a chuid dualgais agus freagrachtaí a chomhlíonadh mar fhoilsitheoirí agus deimhniú go slánaíonn na heagráin na freagrachtaí sin. Gnáth-nós anois é in Éirinn, ar ndóigh, ábhar ar bith atá le foilsiú i gcló a chur faoi bhráid dlíodóra roimh ré.’

Ar 22ú Meán Fómhair, rinne ‘cuid den bhord’ iarracht amharc ar eagrán Dheireadh Fómhair roimh ré. Anois, bhí an bord ar fad ag éileamh go foirmiúil go ligfí dóibh sin a dhéanamh i gcás gach eagrán eile. Dar leis an eagarthóir, ‘Nuair a rinne siad cinneadh foirmeálta ceannas ar chúrsaí eagarthóireachta a lorg, ní raibh ann ach dearbhú oifigiúil ar pholasaí a bhí siad ag iarraidh a chur i bhfeidhm roimhe sin.’ (Litir chuig scríbhneoirí eagrán na Samhna, 26/11/08.) Ach b’éileamh doiléir é. Ní raibh siad in ann a rá cad é an áit ar thug a gconradh leis an eagarthóir dóibh ceart dó a leithéid a iarraidh. Ní raibh acu ach caint ghinearálta ar ‘dualgais agus freagrachtaí’. Rinneadh iarracht a thabhairt le fios gur cúrsaí dlí a bhí i gceist, ach ní raibh aon eolas ag an bhord ar dhlí na réimse seo.

Mura raibh siad ag iarraidh cur isteach ar chúrsaí eagarthóireachta, cad é a bhí uathu? Dá ligfí dóibh amharc ar na heagráin agus dá bhfeicfidís rud nach raibh siad sásta leis, cad é a dhéanfaidís ach é a athrú nó a bhaint? Cad chuige a raibh an t-éileamh foirmiúil ag teacht anois? An raibh rud éigin in eagrán Dheireadh Fómhair a chuir as dóibh? Nó an é go raibh eagla orthu go n-inseodh an t-eagarthóir do na léitheoirí faoina raibh ar siúl?

Ar 21ú Deireadh Fómhair, dhiúltaigh Ó Cathasaigh d’éileamh an bhoird:

‘Tá dualgaisí agus cearta an dá thaobh leagtha amach sa gconradh idir mé féin agus an bord, agus níl soláthar ar bith sa gconradh sin le haghaidh a leithéid de chleachtas. Go deimhin, deir an conradh céanna níos mó ná uair amháin go bhfuil ábhar na hirise “faoi réir ag breith dheiridh an eagarthóra”. Athrú bunúsach ar an gconradh atá sibh ag éileamh, athrú nach bhféadfaí a thabhairt isteach gan aontú an dá pháirtí.


Tá dualgas ginearálta orm mar eagarthóir a chinntiú nach sáraíonn an iris dlí an stáit. Níl aon rud déanta agam go dtí seo a thabharfadh le fios don bhord nach bhfuil an dualgas sin dá chomhlíonadh agam. Níl sibh ag éileamh go bhfostófaí dlíodóir neamhspleách le saineolas is saintaithí ar dhlí an chlúmhille is an chóipchirt chun a chinntiú nach sáraíonn an iris an dlí: tá sibh ag iarraidh go mbeadh cead agaibh féin an iris a scrúdú agus a leasú. Ní fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ach

a chinntiú go bhfuil an iris chun sástacht phearsanta na mball den bhord féin. Dá nglacfaí lena leithéid, bheinn ag sárú an chonartha eadrainn, a leagann dualgas na heagarthóireachta orm féin go sonrach.

I ngach rud atá déanta agam, chloígh mé go beacht le téarmaí an chonartha a rinne mé libh. Tá fúm é sin a dhéanamh go dtagann deireadh leis an gconradh sin 6 Eanáir 2009. Tagann éileamh nua an bhoird salach ar an gconradh sin, agus ní mór dom rogha a thabhairt do chonradh dleathach ar éileamh mídhleathach.'

An lá dár gcionn, chuaigh bord Chomhar i dteagmháil le clódóir na hirise. Dúirt siad leis gan aon eagrán eile de *Comhar* a thiocthadh chuige ó Aindrias Ó Cathasaigh a chur i gcló. Mura raibh siad in ann tabhairt ar an eagarthóir géilleadh dóibh, bhí siad in ann cosc a chur le clóbhualadh na hirise.

Ach níor inis siad don eagarthóir go raibh an chéim seo á glacadh acu. Níorbh eol dó siúd nach ligfí eagrán na Samhna i gcló. An t-am go léir, bhí sé fós ag réiteach an eagrán seo. An raibh an bord ag iarraidh saothar in aisce a chur air? Chuir sé an t-eagrán le chéile, agus chuir sé chuig an gclódóir é ar 27ú Deireadh Fómhair, le bheith in am do 1ú Samhain.



Ar an oíche sin, d'fhág duine litir isteach i dteach Uí Chathasaigh, gan bualadh ar an doras. Bhí ainm Uaitéir Uí Chiaruáin leis an litir, cé nach eisean a shínigh í. D'inis sí dó faoi theagmháil an bhoird leis an chlódóir. Bhí sé socraithe ag an bhord 'go n-íocfar anois leat na táillí a bheadh dlite duit go dtí 6 Eanáir 2009, agus go dtiocfaidh do thréimhse mar eagarthóir chun deiridh láithreach'. D'íocfaí na táillí cuí leis na daoine a scríobh d'eagrán na Samhna, ach 'Is sealbhas de chuid COMHAR an t-ábhar a réitíodh d'eagrán na Samhna, agus tá sé dlite ort é a thabhairt anois don Bhord.'

Mar sin, bhí eagrán na Samhna 2008 de *Comhar* á chur faoi chois ag an bhord. Bhí cosc curtha acu ar an chlódóir é a chur i gcló, agus bhí siad ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar ábhar an eagrán. B'fhéarr leo nach mbeadh *Comhar* ann ar chor ar bith ná go mbeadh aon eagrán eile faoi eagarthóireacht Uí Chathasaigh ann.

Thug seisean freagra orthu ar 29ú Deireadh Fómhair. Dúirt sé nach bhféadfaí críoch luath a chur leis an chonradh idir é agus an bord gan aontú an dá pháirtí. Dar leis, bhí sé ina eagarthóir, agus an conradh i bhfeidhm, go dtí 6ú Eanáir. 'De bharr go bhfuil cosc curtha agaibh le clóbhualadh na hirise, áfach, is ionann sin agus mé a scaoileadh ón dualgas plé le clódóir agus eagrán a chur chuige gach mí.' Dhiúltaigh sé ábhar eagrán na Samhna a thabhairt ar láimh, chomh maith:

‘Nuair a íocann tréimhseachán táille le scríbhneoir, ceannaíonn sé cearta céadfhoilsithe an ábhair sin, cead an t-ábhar a fhoilsiú uair amháin. Is féidir leis an dá thaobh conradh a dhéanamh ag sonrú rud eile, ach mara ndéantar, ní ghéilleann an scríbhneoir aon seilbh ar an saothar.

Mar sin, ní leis an mbord na scríbhinní seo, ach leis na húdair. Chuir siad an saothar seo chugam lena fhoilsiú ar *Comhar*. Beidh orm a chur in iúl dóibh go bhfuil socraithe ag do bhord gan *Comhar* a ligean i gcló... Tá deighilt idir cúrsaí eagarthóireachta na hirise agus gnóthaí an bhoird sonraithe sa gconradh eadrainn. Mar sin, níor chuí dom aon ábhar scríofa a thabhairt don bhord, ach é a thabhairt don chéad eagarthóir eile a cheapfar ar an iris i ndiaidh 6 Eanáir. Ar ndóigh, sin é a rinne Micheál Ó hUanacháin le ábhar don iris a bhí aige féin, agus níor iarr sibh air seilbh orthu a thabhairt daoibh.’

Bhí an ceart ag léamh Uí Chathasaigh ar an dlí maidir le cearta foilsithe agus tréimhseacháin. Is ait nár thuig Trevor Ó Lachtnáin, an t-abhcóide ar bhord Chomhar, go raibh an dlí á shárú acu, ach ní ar dhlí na foilsitheoireachta atá a chuid eolais.

Ar 1ú Samhain, an lá a raibh an t-eagrán sin in ainm is teacht amach, scríobh Ó Cathasaigh chuig na daoine a scríobh ábhar dó:

‘Chuir mé an t-eagrán seo i dtoll a chéile thar an deireadh seachtaine, agus chuir mé chuig an gclódóir é. Chuir bord stiúrtha Chomhar Teo in iúl dom ansin go raibh siad ag cur cosc le clóbhualadh na hirise, go raibh siad thar éis a rá leis an gclódóir cúig lá roimhe sin gan aon eagrán eile a chur i gcló.

Tá iarracht déanta ag an mbord nós nua a thabhairt isteach i gcúrsaí na hirise: nach bhfoilseofaí aon eagrán gan é a chur chucu féin roimh ré le go bhféadfaidís a chinntiú nach mbeadh aon ábhar ann nach mbeadh chun a sástacha féin. Ní hé amháin nár luadh a leithéid beag ná mór nuair a tairgeadh post an eagarthóra dom, ach ní fhéadfainn glacadh lena leithéid de chinsireacht faoi choim ar an iris ná ar bhur gcuid saothair. Ní chreidim go bhfuil aon eagarthóir fiúntach ann a ghlacfaidh leis ach an oiread.’

Tháinig cor sa scéal ar 3ú Samhain. D’fhoilsigh *Lá Nua* eagarfhocal a bhí scríofa ag Ó Cathasaigh d’eagrán na Samhna ach nach raibh an bord ag ligean i gcló. Ní fios cad é mar a fuair an nuachtán é. Seo é an t-eagarfhocal ina iomláine:

‘I bhfianaise tuairimíochta atá sa timpeall faoina bhfuil i ndán do *Comhar*, tá míniú ag gabháil do lucht ár léite.

Nuair a ceapadh eagarthóir nua sa samhradh, gheall bord stiúrtha Chomhar Teo gach tacaíocht dó ina chuid oibre. Ag obair dó ar an gcéad eagrán, fuair sé cupla leide nárbh amhlaidh a bheadh. Ba chuma sin, b’fhéidir, nó b’eol dó gur ar a chrann féin a thitfeadh sé ar deireadh an iris a chur amach. Ach bhí fadhb throm ann nuair a thosaigh baill den bhord ag cur bacanna roimh a chuid oibre.

Ní hé seo an t-am cuí ná an áit chuí le ghabháil isteach i sonraí uilig an scéil seo. Ach nuair a bheas an t-am agus an áit sin ar fáil, tuigfear aríst gur aistí an fhírinne ná scéalaíocht dá fheabhas.

Rinneadh iarrachtaí drochnós úrnua i saol *Comhar* a thionscnamh: go bhfaigheadh an bord réamhamharc ar eagrán lena gceadú sula rachaidís i gcló. Ba shin deireadh leis an tsaoirse eagarthóireachta, dá mbeadh sé de mhístuaim san eagarthóir glacadh leis.

Choinnigh an t-eagarthóir air dá ainneoin seo go raibh eagrán Dheireadh Fómhair foilsithe agus seolta. Ag an bpointe sin a d'iarr sé ar an mbord a shoiléiriú an raibh fúthu tacú lena chuid oibre nó leis na hiarrachtaí an bonn a bhaint di. Nuair a chinn an bord gan tacú le obair an eagarthóra, ba léir nach raibh de rogha aige ach slán a fhágáil acu.

Tá éileamh aisteach déanta ag an mbord ar an eagarthóir: go mbeadh sé de cheart acu gach eagrán a scrúdú sula rachadh sé chuig an gclódóir, agus aon rud san eagrán nach raibh siad sásta leis a athrú. Níl aon bhaint ag an éileamh seo le cúrsaí dlí, mar ní haon dlíodóir clúmhillte é an bord. Ní call a rá gur dhiúltaigh an t-eagarthóir glan dá leithéid de chinsireacht faoi choim air féin agus ar na daoine a scríobhann san iris seo.

Ní hé seo an chéad uair i stair *Comhar* a tháinig bord salach ar obair eagarthóra, ná an chéad uair a mb'éigean d'eagarthóir éirí as dá thoradh. "The facts about *Comhar* are that it was made impossible for a former editor to carry on," a scríobh Máirtín Ó Cadhain chuig eagarthóir na hirise i 1962, "that you, whoever you are, are prepared to look into Moran's entrails on every occasion for the party-line auspices."

Tá sé de chúram ar eagarthóir irise í a chur i dtoll a chéile go neamhspleách ar bhord, coiste nó foras ar bith a bhfuil clár oibre eile acu. Ní eagarthóir fiúntach a bheadh sa té a ghlacadh le ladair a chur isteach mar sin, ná ní iris fhiúntach a chuirfeadh an té sin in eagar.

I ndiaidh eagrán Eanáir agus a thréimhse scoir curtha isteach, tiocfaidh deireadh le seal gearr an eagarthóra seo, mar sin. Ní fios an mairfidh an iris ina dhiaidh sin, nó is doiligh cuimhniú ar eagarthóir eile a d'fheidhmeodh faoi na coinníollacha nua is áil leis an mbord a chur i bhfeidhm. Ba chosúil an t-am seo anuraidh gur críoch thragóideach a chuirfí le scéal uasal *Comhar*: is é an trua mhillteanach é gur cosúla le críoch áiféiseach anois é.'

(Baineann an tagairt sin do 1962 leis an chonspóid a bhí ann nuair a d'imigh an t-eagarthóir Breandán Ó hEithir i ndiaidh dó alt achrannach le Máirtín Ó Cadhain, 'Do na Fíréin', a fhoilsiú. Is é Dónall Ó Móráin an Móránach a bhí i gceist ag an Chadhnach – athair Mhuireann Ní Mhóráin. Mar shaineolaí ar shaothar Uí Chadhain, bheadh na cosúlachtaí seo ar eolas ag Ó Cathasaigh.)

Ní fios cad é mar a fuair *Lá Nua* an t-eagarfhocal. Rinne Ó Cathasaigh agallamh le Raidió na Gaeltachta faoin scéal an lá céanna. Dúirt sé nach eisean a thug don nuachtán é, agus nach raibh a fhios aige go raibh sé acu go dtí gur ghlaigh fear an Raidió air, ach níor mhiste leis ar chor ar bith go raibh sé á fhoilsiú. Mhínigh sé san agallamh cad é a bhí ar siúl idir é féin agus an bord. Dúirt sé go raibh sé sásta leanúint ar aghaidh mar eagarthóir go bhfaighfí eagarthóir eile – ar choinníoll go

bhfanfadh an bun-socrú i bhfeidhm idir an dá linn, nach mbeadh aon réamhscrúdú á dhéanamh ag an bhord ar a chuid saothair.

Má bhí sé i gceist ag an bhord a chinntiú nach nochtófaí an méid a bhí ag titim amach idir iadsan agus an t-eagarthóir, bhí teipthe orthu. Go deimhin, bhí gach cosúlacht ar an scéal go raibh cinsireacht ar siúl acu. An lá dár gcionn, chuaigh siad i dteagmháil leis an chlóidóir, ag rá leis an t-eagrán a chur i gcló – ‘rud a léiríonn nach bhfuil aon fhonn cinsireachta ar an mBord’, dúirt siad (ráiteas, 6/11/08). Ach is mó a léiríonn sé gur theip orthu a bhfonn cinsireachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus nach raibh aon rogha acu anois ach an t-eagrán a ligean amach.

Scríobh Ó Cathasaigh chuig na scríbhneoirí arís: ‘Tá scéal faighte agam anois go bhfuil bord Chomhar Teo thar éis géilleadh go ligfeadh eagrán na Samhna den iris i gcló, cé nár thug mé aon réamhamharc ar an eagrán seo dóibh mar a d’éiligh siad. Níl a fhios agam céard atá le tarlú ina dhiaidh seo, ach cuirfeadh an t-eagrán seo i gcló.’

D’fhoilsigh *Lá Nua* eagarfhocail eile an eagráin sin an dá lá ina dhiaidh sin. Phléigh ceann díobh leis an ghéarchéim eacnamaíochta. Phléigh an ceann eile le dúradh *Lá Nua* féin, agus níor spáráil sé Foras na Gaeilge:

‘Dúirt muid anseo mí ó shin go raibh sé in am a theacht ar mhodh eile leis na tréimhseacháin Gaeilge a mhaoiniú. Agus na focla sin dá gcur i gcló, chuir Foras na Gaeilge a gcruthúnas ar fáil lena gcinneadh éirí as nuachtán laethúil a mhaoiniú.

Ní hé deireadh an nuachtáin laethúil amháin atá i gceist ag an bhForas, ach nuachtán Gaeilge a chur den saol ar fad. Má bhí sé míshásta le *Lá Nua* mar pháipéar laethúil, d’fhéadfadh an Foras cur ar a chumas athsheoladh mar nuachtán seachtainiúil, cuir i gcás. Ach ina ionad sin, tá socraithe aige nach gceadóidh sé ach an t-aon seachtaineán amháin feasta. *Un giornale, una voce!*

Baineann an ghné is aistí de chinneadh an Fhorais le seirbhís nuaíochta ar líne. Cibé locht atá ar *Lá Nua*, níl gar a shéanadh ach gurb é atá chun tosaigh maidir le nuaíocht i nGaeilge a fhoilsiú ar an idirlíon. D’fhéadfadh an Foras cuidiú leis chun an tseirbhís seo a fhorbairt. Ach tá socraithe aige gurb é an comhlacht céanna a chuirfeadh an nuachtán i gcló a chuirfeadh nuaíocht amach ar líne - gur monaplacht nuaíochta a chruthófar....

Tá iarracht ar bun ag Foras na Gaeilge a dheimhniú go bhfuil a chuid airgid dá chaitheamh go tairbheach, agus iniúchóir neamhspleách ag breithniú na bhfiontar atá dá maoiniú aige. Ní dochar ar bith é sin ann féin, ach is bocht an scéal é má tá nuachtán fiúntach le n-íobairt ar altóir na cuntaíochta. Ach más ceist cuntaíochta é, cá bhfuil an t-iniúchadh neamhspleách ar éifeacht chaiteachas an Fhorais ar imeachtaí dá chuid féin?

Ní hacmhainn dúinn nuachtán Gaeilge a chailleadh. Níos mó éagsúlachta atá ag teastáil i meáin na Gaeilge seachas níos lú. Is é a chosúlacht arís gurb eol don Fhoras praghas an uile ní ach nach eol dó luach aon ní. Cruthaíonn an buille seo arís nár cheart cumhacht bháis is bheatha ar ár gcuid tréimhseachán a ligean leo.’

(Ciallaíonn *Un giornale, una voce* ‘Nuachtán amháin, guth amháin’ – aithris ar nath Mussolini, *Un duce, una voce* - ‘Ceannaire amháin, guth amháin’.)

Seans gur chuir sin olc ar bhord Chomhar chomh maith, agus an dea-chaidreamh a bhí siad ag iarraidh a chothú leis an Fhoras. Agus ar ndóigh, de réir a gconartha leis an Fhoras, bhí dualgas orthu eagrán de *Comhar* a fhoilsiú gach mí. Ar cuireadh brú orthu an coinníoll sin a chomhlíonadh nuair a chinn siad eagrán na Samhna a fhoilsiú faoi dheireadh?

Idir an dá linn, bhí cuid díobh siúd a raibh saothar leo in eagrán Dheireadh Fómhair gan íocaíocht a fháil as fós, cé go raibh a gcuid ainmneacha ar liosta íocaíochtaí a thug Ó Cathasaigh don bhord. Ní raibh íocaíocht faighte as altanna a scríobhadh faoi ainmneacha cleite, agus níor íocadh duine as agallamh a rinne sé. Ar 6ú Samhain, scríobh cathaoirleach an bhoird chuig an eagarthóir ag míniú cad chuige. Níor léir dó cé a scríobh an saothar faoi ainmneacha cleite ná gur cheart táille a íoc le duine as agallamh a dhéanamh. ‘Tuigfidh tú nach mór dúinne, na stiúrthóirí a shíníonn seiceanna, a bheith sásta go bhfuil gach íocaíocht as ciste Comhar ceartbhunaithe.’ Mar sin, bhí na baill a shínigh seiceanna Chomhar – Uaitéar Ó Ciaruáin, Muireann Ní Mhóráin agus Anna Davitt – ag cur i leith Uí Chathasaigh go raibh íocaíochtaí nach raibh ceartbhunaithe á lorg aige.

Sheol sé freagra chuig an chathaoirleach ar 13ú Samhain:

‘Deir tú go bhfuil amhras ort nach bhfuil gach íocaíocht do scríbhneoirí a rinne mé amach “ceartbhunaithe”. Is ionann sin is a rá go gceapann tú go raibh mé ag iarraidh airgead Chomhar Teo a chaitheamh go mídhleathach. Níl bunús dá laghad leis sin, agus iarraim ort a dhearbhu gur amhlaidh atá.

Ní maith liom gnáthchleachtais na hiriseoireachta a mheabhrú duit aríst, ach is gnáthnós é i dtréimhseachán ar bith leas a bhaint as ainmneacha cleite, ar chúiseanna éagsúla. Is gnáthnós i g*Comhar* é le fada. Is gnáthnós é nach gcaitear amhras ar ionracas an eagarthóra ina thaobh seo. Ach is gnáthnós é nach eol do do bhord. Nuair a chuir mé liosta d’íocaíochtaí scríbhneoirí isteach, ba ionann sin agus dearbhú go raibh ábhar curtha ar fáil ag na daoine sin a foilsíodh san eagrán a bhí i gceist....

Gnáthnós iriseoireachta eile é go n-íoctar táille le daoine as a ghabháil faoi agallamh. Go hiondúil, íoctar an té a chuir faoi agallamh iad freisin. Shocraigh mé táille a íoc le Colm Ó Snodaigh as a agallamh, agus gan aon táille a íoc leis an té a chuir agallamh air - tharla go mba mise an té sin....

Ní hé amháin nach bhfuil taithí agaibh ar na cleachtais choitianta iriseoireachta seo, ach níl aon mhuinín agaibh asam féin mar eagarthóir. Ba leor focal an eagarthóra air seo in aon tréimhseachán eile, nó i g*Comhar* féin faoi bhoird eile. Níl a fhios agam an dtuigeann sibh anois féin cé chomh haisteach is atá bhur n-iompar. Ar thaobh amháin deir tú nár mhian libh cur isteach ar obair na heagarthóireachta. Ach ansin, deir tú nach bhfuil sé de shaoirse agam a rá le duine a bheadh sásta a ghabháil faoi agallamh go n-íocfar táille leo. Bheadh orm cead a fháil ón mbord roimh ré sula bhféadfainn gnáthobair chomh beag sin a dhéanamh.’

D'fhreagair Ó Ciaruáin é ar 25ú Samhain: 'Níor shamhlaigh mé ar chor ar bith go raibh tú ag iarraidh airgead Comhar a chaitheamh go mí-dhleathach.... Glacaim leis go raibh agus go bhfuil d'iompar maidir le hairgead Comhar ceartbhunaithe ariamh is i gcónaí.' D'íoc an triúr sínitheoirí na táillí seo ansin, ach léiríonn sé seo gurbh é cur chuige an bhoird ceangal docht go leor a choinneáil ar ghníomhartha a n-eagarthóra.

Idir an dá linn, tháinig eagrán na Samhna ón chlódóir – níos mó ná coicís deireanach. Bhí ábhar eile ann a insíonn rudaí dúinn faoin chonspóid idir an t-eagarthóir agus an bord. Faoin teideal 'Miontuairisc', dúradh: 'Tá staraithe i Nua-Eabhrac tar éis cáipéis luachmhar a aimsiú a chaitheann solas ar thubaist a chuaigh ó mhíniú go dtí seo.' Seo an 'cáipéis' a bhí i gceist:

**1** Do tionóladh cruinniúghadh de Bhord Stiúrtha an White Star Line ar bhord an *Titanic* ar an 14adh lá d'Aibreán sa bhliadhain 1912.

**2** Do phléigh an Bord litir do chuir Caiptín na loinge chúcha. Níor aontaigh an Bord go raibh aon ádhbhar gearáin aige maidir le líon na mbád tarrthála ar an loing. Maidir leis an mí-réir idir líon na bpaisinéirí agus líon na n-áiteanna ar na báid tarrthála, do ceapadh an Rúnaidhe le leagan feileamhnach de'n fhírinne do chumadh agus do chur fé bhraghaid an Chathaoirligh.

**3** Do chuir duine des na stiúrthóirí coggar i gcluais an Bhuird maidir le péinteáil na loinge. D'aontaigh an Bord lena raibh le rá aici, agus ansan d'éisteadar léithe. Dob é an rud ba thábhachtaighe ar fad ná péinteáil ghairmeamhail do dhéanamh uirthi, agus do bheadh mac léithe ana-shásta iocaidheacht d'fhaghail as an obair sin. Níor phéinteáilidhe gairmeamhail é féin, ach do mheabhraigh an stiúrthóir don Bhord gurbh í inghean a hathar í agus gur cheart an ginealas san do chaomhnúghadh.

**4** Do pléighthead na rudaí in aighneacht an Bhuird chuig an Ughdarás Loingseoireachta nach raibh curtha i gcrích go fóill. hAontaíodh gur cheart díriúghadh ar phéinteáil na loinge, agus cruinniúghadh do lorg leis an gCaiptín chun a dhualgaisí do mheabhrúghadh dó.

**5** (*Do thánaig an Caiptín isteach ag an bpuinnte seo de'n chruinniúghadh.*) Do tharraing an Caiptín aird an Bhuird ar theachtaireachtaí do bhí faighte aige maidir le cnoc oighir do bheith le feiceáil i mbealach na loinge. Socraigtheadh go ndéanfadh an Cathaoirleach machnamh ar an scéal tréis dul i gcomhairle le liosta cúntóirí do bhí scríobhtha aige.

**6** Do léirigh an Caiptín mí-shástacht i dtaobh comhaltaí de'n Bhord do bheith ag iarraidh roth na loinge do chasadh i dtreo eile seachas an cúrsa do bhí tarraingthe aige. Do bhí díomá ar an mBord fén easpa iontaobhe so asta.

**7** (*Do chualathas cúpla scread ó dhroichead na loinge ag an bpuinnte seo de'n chruinniúghadh. D'fhág an Caiptín an cruinniúghadh agus deifir ana-mhór air.*) Do rith an Bord rún d'aonghuth gur cheart litir ghearáin do scríobhadh chuig an gCaiptín mar gheall ar an mí-ómós so i lár an chruinnighthe. Socraigtheadh go ndéanfadh an bord ceartúghadh ar a chuid cúrsaí feasta.

## 8 Thánaig deireadh leis an gcruinniughadh ag 11.45 i.n.’

(I ndiaidh a bhfuil ráite anseo, ní gá na tagairtí sa chomparáid seo idir *Comhar* agus bá an *Titanic* a mhíniú – seachas ceann amháin, b’fhéidir. Tagraíonn an focal ‘coggar’ do COGG, áit oibre Ní Mhóráin.)

Agus cóip den eagrán sin á seoladh chucu siúd a scríobh ann, sheol an bord ráiteas leis (faoin dáta 6/11/08) a thug a dtaobh féin den scéal. Dúirt sé go raibh ‘níos mó agus níos mó amhrais ionainn an raibh na tréithe a bheadh riachtanach ag Aindrias i gcás eagarthóra a chaithfeadh obair as lámha a chéile le Bord irise’. Ach ar ndóigh, níor cheart dó oibriú as lámha a chéile leis an bhord maidir le cúrsaí eagarthóireachta. Bhí cúrsaí eagarthóireachta faoi féin amháin. Murar thuig an bord é sin, b’fhéidir nach raibh na tréithe acusan a bheadh riachtanach i gcás bord irise.

Nuair a fuair sé amach faoin ráiteas, chuaigh Ó Cathasaigh i dteagmháil le scríbhneoirí an eagrán sin ar 26ú Samhain, lena fhocal scoir ar an chóras réamh-amhairc a d’iarr an bord a thabhairt isteach:

‘Ní shin é a aontaíodh eadrainn nuair a ceapadh mé. Ní shin é an tsaoirse eagarthóireachta a gealladh dom, ach is léir go bhfuil sainmhíniú dá gcuid féin ag an mbord ar shaoirse eagarthóireachta. Ní fhéadfadh eagarthóir ceart ar bith iris a chur in eagar agus an córas seo acu i bhfeidhm. Ní dóigh liom go bhféadfadh scríbhneoir ceart ar bith scríobh don iris agus é i bhfeidhm, ach an oiread.

Ní thugann an bord aon chúis leis an gcumhacht seo a éileamh ach “a chuid dualgas agus freagrachtaí” - an cineál leithscéil a cuireadh chun cinn mar chosaint ar gach córas cinsireachta ariamh. De bharr gur fhoilsigh nuachtán príomhaltanna eagrán na Samhna, theip ar a n-iarracht an mhí seo. Ach má chreideann siad i gcónaí gur bord eagarthóireachta nó bord cinsireachta iad, seachas bord stiúrtha comhlachta, níl i ndán do *Comhar* a bheith ina hiris neamhspleách gan faitíos aríst. Sin é an trua is mó a bhaineann leis an scéal seo ar fad.’



## 8. Eagarthóir eatramhach

Bhí alt ag Antón Mac Cába faoi chúrsaí *Comhar* in *Foinse* ar 8ú Samhain. Labhair sé le Aindrias Ó Cathasaigh agus Uaitéar Ó Ciaruáin araon, agus thug sé an dá thaobh den scéal. An tseachtain dár gcionn, bhí alt sa pháipéar céanna leis an eagarthóir Seán Tadhg Ó Gairbhí. Labhair seisean le Ó Ciaruáin amháin, áfach, gan bacadh le Ó Cathasaigh. Dúirt cathaoirleach bhord Chomhar go raibh **Pól Ó Muirí** ceaptha acu mar 'eagarthóir eatramhach' ar an iris. Bhí dóchas aige as Ó Muirí, agus bhí an bord le tabhairt faoi na beartais eile a bhí i gceist acu ach nach dtiocfadh leo a chur i gcrích de bharr an achrainn le Ó Cathasaigh.

Is aisteach nár mhian le heagarthóir *Foinse* an dá thaobh den scéal a thabhairt, agus is aisteach chomh maith nach dtiocfadh le deichniúr ball an bhoird – iad uile 'ag saothrú go dian', mar a dúirt a gcathaoirleach ag an seoladh - rud ar bith a dhéanamh faoi na beartais seo i rith na tréimhse seo. Ach is aite fós ceapachán seo an eagarthóra eatramhaigh. De réir an chonartha idir bord Chomhar agus Foras na Gaeilge, bhí ar Chomhar aon phost a fhógairt go poiblí, rud nach ndearnadh sa chás seo.

Tá Ó Muirí ina eagarthóir Gaeilge leis an *Irish Times* le fada an lá. Níor léirigh a cheapachán go raibh fuil úr ag teastáil ó bhord Chomhar. Chiollaigh sé go raibh cuid mhór de mheáin chlóite na Gaeilge faoi eagarthóireacht aon duine amháin. Agus níl aon cháil ar Ó Muirí mar iriseoir dúshlánach: ní gan chúis a thugtar an leasainm 'Tuirsiúil' ar 'Tuarascáil' san *Irish Times*.

Agus bhí sé ina eagarthóir ar *Comhar* cheana, i 1997-98. Cibé fadhbanna a bhí ag an iris faoi eagarthóireacht Mhichíl Uí Uanacháin, bhí sé i bhfad níos measa faoi eagarthóireacht Uí Mhuirí. Bhí droch-chuma ar dhearadh na hirise, agus bhí an t-ábhar leamh de ghnáth. Rinne Bord na Gaeilge (mar a bhí air ag an am) athbhreithniú ar dheontas *Comhar* agus a thréimhse eagarthóireachta ag teacht chun deiridh. Shocraigh siad deontas méadaithe a thabhairt di – ar choinníoll go ndéanfaí athrú ar an iris ó bhun go barr. Ba chuid den athrú sin imeacht Uí Mhuirí.

Tháinig eagrán de *Comhar* amach i lár mhí na Nollag. De ghnáth, bíonn eagrán na Nollag de *Comhar* ina mhór-eagrán litríochta, ach theip ar an bhord iarratas maoinithe a chur isteach chuig an Chomhairle Ealaíon in am, agus ní raibh ann ach gnáth-eagrán. Bhí athdhearadh air, ach bhí sé ag iarraidh ailt ghearra a leathnú thar chúpla leathanach chun an iris a líonadh, ba léir. Ní raibh plé ar bith ar chúrsaí reatha ann. Pictiúir d'fhillí ó na seachtóidí a bhí ar an chlúdach – rud nach meallfadh an pobal mór, b'fhéidir. Ní raibh aon ábhar dírithe ar dhaoine óga ann ach oiread. An raibh aighneacht Chomhar chuig an Fhoras caite amach?

Foilsíodh ráiteas eile ón bhord san eagrán, a shéan arís an méid a bhí ráite ag Ó Cathasaigh. Chuir seisean freagra chuig Ó Muirí ar 23ú Nollaig, inar dúradh:

'Is dóigh nár tugadh an dara rogha duit ach an ráiteas úd ó bhord stiúrtha Chomhar Teo a fhoilsiú i d'iris. Más Iris Oifigiúil de chuid an bhoird chéanna atá tú a chur le chéile, tá iachall ort a gcuid imlitreacha a fhoilsiú, agus aon rud a thagann salach ar líne an pháirtí a choinneáil amach. Más iris neamhspleách atá faoi do chúram, áfach, foilseoidh tú an freagra seo ón té a bhfuil bréag curtha air i d'iris....

Deir ráiteas an bhoird go léiríonn foilsíú eagrán na Samhna nach raibh aon fionn cinsireachta orthu. A mhalairt ghlán a léiríonn sé. ...chuir an bord cosc le clóbhualadh eagrán sin na Samhna. Ansin rinne siad iarracht scríbhinní an eagrán sin a ghoid. Níor lig siad an t-eagrán i gcló nó go raibh a n-iarracht cinsireachta sáraithe ag daoine eile ar mó a meas ar an neamhspleáchas i gcúrsaí iriseoireachta. Dá bhfaigheadh bord Chomhar Teo a mhian, ní i lámha na léitheoirí ach i bpoll dubh éicint a bheadh an t-eagrán sin fós.

Tá a fhios agat anois céard atá romhat féin má bhíonn aon bhara neamhspleách fút choíche. Má dhéanann tú mar a dhéanfadh eagarthóir fiúntach ar bith - an freagra seo ó dhuine ar cuireadh bréag air i d'iris a fhoilsiú - feicfidh muid an bhfuil tú ceaptha ag an mbord úd mar eagarthóir nó mar ghiolla.'

B'fhéidir go síleann Ó Muirí nach bhfuil aon spéis ag a léitheoirí sa scéal seo. Ach ansin, cén fáth ar fhoilsigh sé ráiteas an bhoird faoi? Má shocraigh sé é a fhoilsiú, ba cheart go bhfoilseodh sé freagra air. Ach an raibh cead aige gan é a fhoilsiú, nó ar threoraigh an bord dó é a chur isteach? Má threoraigh, an dtreoróidh siad dó gan freagra Uí Chathasaigh a fhoilsiú? Nó an gcuirfidh sé féin-chinsireacht i bhfeidhm, chun nach mbeidh gá le haon teorú?

Tháinig deireadh leis an bhliain 2008 gan aon chruinniú cinn bliana de Chomhar Teoranta a bheith ann. Nach raibh ceart ag baill an chomhlachta eolas a fháil faoi imeachtaí tromchúiseacha na bliana? Nó an raibh eagla ar an bhord cuntas a thabhairt ar a chuid gníomhartha?

Tháinig eagrán eile amach i mí Eanáir 2009. Arís, ní raibh aon ábhar ar chúrsaí reatha ann, ná aon ábhar do léitheoirí níos óige. Is cosúil nach bhfuil fonn ar mhórán scríbhneoirí scríobh do *Comhar*. Má leanann an iris ar aghaidh mar seo, beidh go leor de na daoine céanna ag scríobh i ngach eagrán. Bhí cuma aisteach ar an eagrán seo, agus an leathanach cúil folamh ar fad, fiú.

Is dócha go bhfuil cúpla cúis ann go dtugann bord Chomhar 'eagarthóir eatramhach' ar Ó Muirí. Ar an chéad dul síos, b'fhéidir go nglacfaidh Foras na Gaeilge leis nár ghá post an eagarthóra a fhógairt más ceapachán sealadach a bhí ann. Chomh maith leis sin, thig leo freagracht a shéanadh as eagarthóireacht Uí Mhuirí, atá lag agus ag teacht salach ar an fhís a luaigh siad leis an Fhoras. Is dócha go bhfuil súil acu go gcoinneoidh sé cineál éigin irise ag teacht amach go dtig leo eagarthóir eile a aimsiú – ach is cosúil go mbeidh siad ag fanacht an-fhada leis an eagarthóir eile sin. Ní raibh mórán daoine ag iarraidh an phoist i samhradh 2008, agus i ndiaidh an mhéid a tharla don eagarthóir deireanach, is beag seans go mbeidh scuaine iarrthóirí ann an chéad uair eile!

Tháinig deireadh le conradh Uí Chathasaigh leis an bhord ar 6ú Eanáir 2009. Cé go raibh sé geallta ag an bhord chomh fada siar le 27ú Deireadh Fómhair a chuid táillí go dtí sin a íoc leis, ní bhfuair sé tuarastal do mhí na Samhna ar aghaidh go dtí 13ú Eanáir, i ndiaidh dó íocaíocht a éileamh orthu cúpla uair agus imeachtaí dlí a lua leo.

Chuir sin deireadh leis an chaidreamh fíor-aisteach seo idir bord Chomhar agus Aindrias Ó Cathasaigh. Ach is garr go mbeidh ar an bhord tuairisc leathbhliantúil a chur chuig an Fhoras. Ábhar suimiúil léitheoireachta a bheidh ansin.

## 9. Conclúidí

Níl aon amhras ann ach go léiríonn an scéal seo ar fad an dóigh nár cheart iris Ghaeilge a reachtáil. Cé go raibh bord an-mhaith ag Comhar chun deontas a fháil, bhí daoine le taithí agus tuiscint ar chúrsaí iriseoireachta de dhíth ina dhiaidh sin. Nó, ar a laghad, ba cheart dóibh seasamh amach as taobh na hiriseoireachta, é a fhágáil faoin eagarthóir, agus díriú ar na taobhanna eile d'obair an chomhlachta. Ní thig le stiúrthóirí comhlachta iris a chur in eagar – cé go dtig leo cur as go mór don obair sin.

Ní raibh leithscéal ar bith ag an bhord réamh-amharc, nó scrúdú, nó cinsireacht, a dhéanamh ar obair an eagarthóra. Ní thioctadh le haon iris oibriú mar sin. Tá *Feasta*, mar shampla, á foilsiú ag Conradh na Gaeilge, eagraíocht atá níos mó agus níos sine ná Comhar Teoranta, ach ní chuireann siadsan isteach ar obair eagarthóir na hirise. Dá gcuirfidís, ní mhairfeadh an iris seasca bliain. Agus ní mhairfeadh *Comhar* dá mbeadh a leithéid de chóras i bhfeidhm roimhe seo.

Cad é a bhí an bord ag iarraidh a stopadh nuair a rinne siad iarrachtaí maoirseacht a dhéanamh ar eagarthóireacht Uí Chathasaigh? Ar theastaigh uathu nach gcuirfí olc ar Fhoras na Gaeilge? Ar chuir blas na heite clé san iris as dóibh? Nó ar mhian leo nach bhfaigheadh an pobal amach faoin aighneas a bhí ar siúl idir iad agus an t-eagarthóir?

Is scéal tromchúiseach í an choimhlint leasa a bhí ag ball amháin den bhord, Muireann Ní Mhóráin. Is cosúil gur fágadh cúrsaí deartha fúithi, agus gur úsáid sí é seo chun iarracht a dhéanamh post a fháil dá mac, fiú dá mba ghá cur in éadan an eagarthóra agus miontuairiscí a athrú chun é a dhéanamh. Nuair a d'éirigh sí as an bhord dá bharr sin, ba cheart don bhord glacadh leis, agus ní bheadh an scéal chomh hachrannach sin. Ach is cosúil go raibh an bord é féin, agus an '*esprit de corps*' a luaigh a gcathoirleach, i ndiaidh éirí níos tábhachtaí ná an iris – rud a tharlaíonn go minic le coistí.

Is léir, ag amharc ar na rudaí ar fad a thit amach, nach raibh gach ball den bhord chomh dona sin. Seasann ainmneacha áirithe amach a bhfuil freagracht ar leith orthu as na fadhbanna a tháinig chun cinn. Ach mura dtiocfadh leis an chuid eile den bhord aon rud a dhéanamh chun smacht a choinneáil ar na baill sin, beidh orthu féin a gcuid den locht a iompar.

Tá ceisteanna le cur faoin dóigh ar chaith bord Chomhar airgead Fhoras na Gaeilge. Cad chuige ar caitheadh €2,744.28 ar ríomhaire agus bog-earra chun cur ar chumas Uí Chathasaigh dearadh na hirise a dhéanamh má bhí sé i gceist acu dearthóir ón taobh amuigh a fhostú? Bhí Ó Cathasaigh sásta leanúint ar aghaidh mar eagarthóir ar feadh dhá eagrán eile dá ligfí do, ach caitheadh airgead ar a thuarastal gan aon obair a iarraidh as - agus ansin íocadh tuarastal breise le Ó Muirí lena linn sin. Cad chuige ar bronnadh airgead ar mhic léinn nach ndearna aon obair seachas obair a lorg? An é seo an fáth nár tionóladh cruinniú cinn bliana 2008 de Chomhar Teoranta, chun nach mbeadh ar an bhord ceisteanna a fhreagairt – faoi na rudaí seo, agus rudaí eile nár tharla: an suíomh idirlín... gréasán na gcuiditheoirí... cur chun cinn na hirise sna coláistí...?

Agus nach bhfuil ceisteanna le cur ag Foras na Gaeilge orthu? Anois agus an Foras ag breithniú gach caiteachais go cúramach de bharr fadhbanna an chiste phoiblí, ba

cheart dóibh freagraí a lorg anseo. Chomh maith leis an dóigh ar caitheadh an t-airgead a tugadh dóibh, cad é faoin dóigh ar ceapadh duine mar eagarthóir gan an post a fhógairt – in éadan coinníollacha an deontais? Agus an ligfidh siad don eagarthóir sin cúl a thabhairt leis an chur chuige maidir le hábhar na hirise ar ghlac an Foras leis?

Níl Aindrias Ó Cathasaigh saor ó locht sa scéal seo, ar ndóigh. Ba cheart go mbeadh a fhios aige cén cineál daoine a bhí ar bhord Chomhar – státseirbhísigh, lucht gnó, dlíodóirí agus mar sin de. Bíonn daoine dá leithéid coimeádach de ghnáth, agus ba léir go mbeadh coimhlínt ann luath nó mall idir iad agus an t-eagarthóir sóisialach seo. Cad é a thug air a cheapadh go dtiocfadh leis oibriú leis an bhord seo? Ceart go leor, bhí conradh aontaithe aige leo a chinntigh nach mbeadh ceart ar bith acu cur isteach ar a chuid oibre mar eagarthóir, ach níl i gconradh ach píosa páipéir. Bhí an sparán ina lámha-san, agus mar a chonaiceamar, thiocfadh leo stop a chur leis an iris ar fad dá dteastódh uathu. Tá sé cineál saonta i saol an lae inniu a bheith ag súil go ndéanfaidh daoine ‘beart de réir a mbriathair’. Ar a laghad, ba cheart do Ó Cathasaigh barántais níos cinnte faoina neamhspleáchas a fháil uathu sular ghlac sé leis an phost . Bhí sé ró-dheireanach a bheith á lorg i ndiaidh fhoilsiú an chéad eagrán.

Tá cúrsaí iriseoireacht na Gaeilge dona go leor i láthair na huaire. Tá deireadh tagtha leis an nuachtán *Lá Nua*. Is fada ó bhí daoine ar bís leis an nuachtán *Foinse* a cheannach gach seachtain. Tá *Feasta* ag déanamh a díchill, ach tá acmhainní anteoranta aici. Tá *Comhar* ann fós, ach is cosúil gur iris gan bhrí a bheidh inti, faoi smacht an bhoird, gan aon iarracht ar a bheith dúshlánach. An féidir í a shábháil? B’fhéidir, ach beidh bord eile de dhíth seachas an bord reatha, eagarthóir úr, agus dóigh eile ar fad chun í a reachtáil. Mura ndéantar rud mar sin, agus go luath, beidh *Comhar* chomh bocht sin nárbh fhiú í a shábháil.

## An t-údar

Rugadh agus tógadh **Lorraine Nic Eachmharchaigh** i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. Tá sí ag obair, agus ina cónaí, i mBaile Átha Cliath le roinnt blianta. Is léitheoir díograiseach í de chuid na n-irisí agus na nuachtán Gaeilge uile.



## Do thuairim

Is scéal tábhachtach é an méid a thit amach in *Comhar*, agus ba cheart do phobal na Gaeilge spéis a ghlacadh ann. Scríobhadh an cuntas seo chun go dtiocfadh le daoine na cúrsaí seo a phlé, agus fadhbanna mar seo a sheachaint san am le teacht. Tá do thuairim-se tábhachtach, mar sin. Tabhair cuairt ar **[www.ceartaguscomhar.webs.com](http://www.ceartaguscomhar.webs.com)** chun an t-eolas is deireanaí faoin scéal a fháil, agus do smaointe féin a thabhairt air.